



An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

Comhairliúchán Poiblí maidir le Forfheidhmiú Náisiúnta ar Rialacha Comhchuibhithe maidir leis an Intleacht Shaorga (Acht IS)

21 Bealtaine 2024

Comhairliúchán Poiblí maidir le Forfheidhmiú Náisiúnta ar Rialacha Comhchuibhithe maidir leis an Intleacht Shaorga (Acht IS)

1. Réamhrá

Fáiltíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta roimh aighneachtaí maidir le comhairliúchán poiblí ar fhorfheidhmiú an Achta um Intleacht Shaorga (IS) an AE ¹, ar glacadh go foirmiúil leis ag an AE an 21 Bealtaine 2024 agus a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024.

Tá an comhairliúchán seo ar mhaithe le cur chuige na hÉireann a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an Achta, agus go háirithe maidir le leagan amach na n-údarás inniúla náisiúnta, atá riachtanach don chur i bhfeidhm.

CUSPÓIR AN RIALACHÁIN

Beidh forálacha an Achta i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ar feadh tréimhse 36 mí tar éis den Acht teacht i bhfeidhm.

Tá achoimre ar an Acht agus míniú maidir lena phríomhforálacha ar fáil [anseo](#).

Is é cuspóir Acht IS an AE ná, *“feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, agus creat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos ... ar mhaithe le forbairt, cur ar an margadh, cur i seirbhís agus maidir le feidhmiú chóras intleachta saorga... i gcomhréir le luachanna an Aontais, glacadh na hintleachta saorga atá duinelárnach agus iontaofa a chur chun cinn agus, ag an am céanna, ardleibhéal cosanta don tsláinte, don tsábháilteacht, do chearta bunúsacha mar atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chinntiú..., lena n-áirítear an daonlathas, an dlí agus cosaint an chomhshaoil i gcoinne tionchair dhíobhálacha chórais IS san Aontas, agus chun tacú le nuálaíocht”*.

Ag freagairt do shláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha daoine a chosaint, tá an tAcht ceaptha chun glacadh IS atá iontaofa, duinelárnach a chur chun cinn, chun a chinntiú go mbainfidh an tAontas leas as *“tairbhí féideartha eacnamaíocha, comhshaoil agus sochaíocha ar fud réimse iomlán tionscal agus gníomhaíochtaí sóisialta”*.

Is é príomhchuspóir eile an Achta, ná a chinntiú go leanfaidh an AE air a bheith iomaíoch ar mhaithe le hinfheistíocht agus nuálaíocht IS.

¹ [Regulation laying down harmonised rules on artificial intelligence \(artificial intelligence act\), 21 May 2024](#)

PRÍOMHGHNÉITHE MAIDIR LE HACHT AN AE

Glacann Acht IS cur chuige rioscabhunaithe maidir le córais IS a rialáil ionas go mbeidh na dualgais a chuireann sé ar fáil spriocdhírthe agus comhréireach. Baineann dualgais le soláthraithe, úsáideoirí, allmhaireoirí, dáileoirí, ionadaithe údaraithe ar chórais Ardriosca IS.

Cuireann Acht IS cosc le cleachtais áirithe a bhfuil rioscaí do-ghlactha ag baint leo. Déantar foráil leis maidir le dhá chéim ar leith de rialachán maidir le córas Ardriosca IS:

1. Deimhniú réamh-mhargaidh ar chomhlíonadh córas IS Ardriosca le caighdeáin, agus
2. Faireachas ar chórais Ardriosca IS tar éis feidhm a bhaint astu, nó iad a chur ar fáil ar an margadh.

Tá gá le measúnú ar an tionchar ar chearta bunúsacha maidir le húsáidí ar chórais Ardriosca san earnáil phoiblí.

Tá dualgais ar leith ar sholáthraithe samhla IS Cuspóir Ginearálta (GPAI), nach mór a fhorfheidhmiú ag an gCoimisiún, agus dualgais bhreise ar shamhla GPAI a bhfuil rioscaí sistémacha ag baint leo.

Is é an dáta réamhshocraithe chun na bearta san Acht a chur i bhfeidhm ná 24 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm. Mar sin féin,

- Tá feidhm ag na toirmisc ar úsáidí a bhfuil riosca do-ghlactha ag baint leo, sé mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm.
- Tá feidhm ag na forálacha maidir le IS Cuspóir Ginearálta, Údaráis a thugann Fógra maidir leis, agus Comhlachtaí dá dtugtar Fógra dóibh; Rialachas an AE agus Údaráis Inniúla Náisiúnta; agus Pionóis i bhfeidhm ó 12 mí.
- Tá feidhm ag na forálacha maidir le córais Ardriosca IS ó 36 mhí.

2. Aighneachtaí

Fáiltíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta roimh aighneachtaí i gcoitinne ar an ábhar seo agus iarrtar ar fhreagróirí, ach go háirithe, díriú ar na ceisteanna sonracha i gCuid 3.

Iarrtar ar fhreagróirí a n-aighneachtaí a dhéanamh trí ríomhphost. Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig ConsAIregulation@enterprise.gov.ie

Is é an spriocdháta chun aighneachtaí a fháil ná **5pm Dé Máirt, 16 Iúil 2024**.

3. Aighneachtaí á bhFoilsíú

Ba cheart go mbeadh freagróirí ar an eolas go gcuirfear gach aighneacht ar fáil san fhearann poiblí agus go bhfoilseofar iad ar shuíomh gréasáin na Roinne tar éis dheireadh an phróisis chomhairliúcháin.

RÚNDACHT AIGHNEACHTAÍ

Iarrtar ar rannpháirtithe a thabhairt dá n-aire gurb é polasaí na Roinne caitheamh le gach aighneacht a fhaightear mar aighneachtaí poiblí mura n-iarrtar rúndacht go sonrach. Iarrtar ar fhreagróirí, dá bhrí sin, ábhar a mheasann siad a bheith rúnda a shainaithint go soiléir agus an t-ábhar sin a chur in iarscríbhinn ar leith lena bhfreagra, agus é lipéadaithe “faoi rún”. I gcásanna ina seoltar freagraí trí ríomhphost, agus ina bhfuil fógraí a ghintear go huathoibríoch sna ríomhphoist a léiríonn gur cheart a n-ábhar a mheas faoi rún, ní mór do rannchuiditheoirí a rá go sainráite laistigh de chorp a ríomhphost an bhfuil sé i gceist acu go gcaithfí lena gcuid tuairimí faoi rún.

AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014 AGUS FOILSEACHÁN NA NAIGHNEACHTAÍ

Féadfaidh an Roinn cinneadh a dhéanamh gach aighneacht a fhaightear faoin gcomhairliúchán seo a phoibliú ar a láithreán gréasáin. Tabhair do d’aire go bhféadfar faisnéis arna soláthar don Roinn a nochtadh mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dá bhrí sin, ba cheart duit aon fhaisnéis a mheasann tú a bheith íogair ó thaobh tráchtála de a shainaithint, agus an chúis lena híogaireacht a shonrú. Rachaidh an Roinn i dteagmháil leat maidir le faisnéis atá sainaitheanta agat a bheith íogair sula bhfoilsítear nó a nochtar í ar bhealach eile.

RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

Ba chóir do fhreagróirí a thabhairt dá n-aire gur tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm in Éirinn an 25 Bealtaine 2018 agus gurb é níos mó smachta a thabhairt do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí pearsanta ba chúis leis. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir fhorálacha an rialacháin maidir le sonraí pearsanta a bhailíonn sí ón 25 Bealtaine 2018. Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú go deonach don Roinn seo leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta, de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

4. Ceisteanna Comhairliúcháin

Is Rialachán de chuid an AE é Acht IS agus, dá bhrí sin, tá éifeacht dhíreach leis i ngach Ballstát den AE. Mar sin féin, ceanglaítear leis an Acht ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú an Achta ag an leibhéal náisiúnta. Ní mór do na Ballstáit, mar shampla, Údarás a thugann Fógra amháin ar a laghad, agus Údarás

Faireachais Margaidh amháin nó níos mó, a ainmniú nó a bhunú mar Údarás Inniúla Náisiúnta don Acht laistigh de 12 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Tá na dualgais ar na Ballstáit leagtha amach go soiléir san Acht. Ní bheidh rogha ag na Ballstáit maidir leis na forálacha is infheidhme maidir le córais IS a léirmhíniú, ná le soláthraithe nó úsáideoirí na gcóras sin, chun a chinntiú go ndéanfar na rialacha a chomhchuíbhíú ar fud an Aontais.

Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá i gceannas ar chur i bhfeidhm náisiúnta an Achta IS. Tá measúnú ar bun ag an Roinn i láthair na huaire, i gcomhar le Ranna Rialtais agus údarás phoiblí eile, ar chur chuige eile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cur i bhfeidhm náisiúnta, chun an struchtúr náisiúnta is fearr a chinneadh, chun forálacha an Achta a fhorfheidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Tá aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le cur i bhfeidhm náisiúnta an Achta IS á lorg ag an Roinn, chun treoir a thabhairt faoin obair sin. D'fháilteodh sí go háirithe roimh fhreagraí ar na ceisteanna atá leagtha amach sa chuid seo a leanas.

Iarrann an Roinn ar fhreagróirí réasúnaíocht agus mínithe a chur ar fáil chun tacú leis na pointí ina n-aighneachtaí. Nuair is féidir, tabhairt ábhar, nó tagairtí, a thacaíonn le nó a thugann bunús do na pointí i d'aighneacht.

Ba cheart sonraí teagmhála a bheith i dteannta na n-aighneachtaí chomh maith.

CEISTEANNA

1. D'fhéadfaí cineálacha éagsúla cur chuige maidir le hainmniú údarás inniúil a mheas, maidir le cur chun feidhme náisiúnta an Achta, a mbeadh samhail láraithe nó cur chuige earnáilbhunaithe roinnte níos fearr, san áireamh. Is dócha go mbeidh comhhabhtálacha i gceist maidir le cur chuige a roghnú. D'fhéadfadh cur chuige roinnte rochtain níos fearr ar shaineolas earnála a sholáthar, mar shampla, ach d'fhéadfadh dúshláin chomhordaithe a bheith i gceist leis.

Cad iad na breithnithe nach mór don Roinn aird a thabhairt orthu agus cumraíocht na n-údarás inniúil náisiúnta á cheapadh aici lena gcur chun feidhme?

2. Ghlac an tAontas sraith Rialachán le blianta beaga anuas atá ceaptha ar mhaithe le tomhaltóirí a chosaint, an margadh inmheánach a neartú, agus chun a chinntiú go leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht agus i gcur i bhfeidhm na n-ardteicneolaíochtaí.

An bhfuil sineirgí féideartha ann idir cur chun feidhme an Ghnímh IS agus cur chun feidhme Rialachán eile de chuid an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le margáí digiteacha, seirbhísí agus bonneagar?

3. Bunaíonn **Cur chun feidhme Digiteacha - an Creat Éire Dhigiteach** an sprioc go mbeadh Éire ina ceannaire digiteach i gcroílár forbairtí digiteacha Eorpacha agus domhanda. Chun tacú leis an sprioc sin, tá Éire ina ball de Ghrúpa D9+, comhghuaillíocht neamhfhoirmiúil d'Airí Digiteacha ó bhallstáit an AE atá chun tosaigh go digiteach. Tá sé de dhíth air chomh maith go mbeadh Éire ina “lárionad barr feabhais rialála” san Eoraip. Leagfar amach in Acht IS ceanglas chun nuálaíocht a chur chun cinn, ag féachaint do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nua-thionscanta, ar soláthraithe nó úsáideoirí córas IS iad.

Cé chaoi gur féidir le cur i bhfeidhm an Achta IS in Éirinn, seasamh na hÉireann mar Gheilleagar Digiteach ceannródaíoch a threisiú, infheistiúocht a mhéadú agus dlús a chur leis an nuálaíocht maidir le IS? Cén chruth a bheadh le barrfeabhais maidir le rialáil IS?

4. **IS – Anseo go Buan:** Leagtar amach sa **Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga** d'Éirinn conas is féidir le hÉirinn a bheith ina ceannaire idirnáisiúnta maidir le IS a úsáid chun leasa ár ngeilleagar agus ár sochaí, trí chur chuige eiticíúil atá duine-lárnaithe maidir lena forbairt, glacadh agus úsáid. Mar aitheantas ar an tionchar fairsing a bheidh ag IS ar ár saol, breithníonn an Straitéis seo IS ó dhearcthaí éagsúla: Muinín an Phobail a Chothú in IS; IS a ghairáil ar mhaithe le Leas Eacnamaíoch agus Sochaíoch; agus Cumasóirí le haghaidh IS.

Cé chaoi gur féidir le cur i bhfeidhm an Achta IS tacaíocht a spreagadh agus dlús a chur leis an dul chun cinn ó gach ceann de na dearcthaí sin agus ár ndualgais rialála á chomhlíonadh ag an am céanna?

D'fháilteodh an Roinn chomh maith roimh thuairimí maidir le gnéithe de chur i bhfeidhm an Achta IS lasmuigh de scóip na gceisteanna thuas.